2024/2880

19.11.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2880 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Samhain 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2354 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le himscaradh Fhórsa Cosanta Ruanda i Mósaimbíc

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2354 ([1]), lena mbunaítear beart cúnaimh a bhfuil méid tagartha airgeadais EUR 20 000 000 ag gabháil leis lena mbeartaítear tacú le himscaradh leanúnach aonad d'Fhórsa Cosanta Ruanda i gcúige thuaidh Cabo Delgado i Mósaimbíc chun na gnóthachain chríochacha agus oirbheartaíochta atá déanta acu go dtí seo a leathnú, a chosaint agus a choinneáil. Ba cheart a áirithiú leis sin slándáil agus cosaint an daonra shibhialta i gcúigí thuaidh Mhósaimbíc, agus filleadh gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a éascú mar aon le filleadh struchtúr cuntasach eile stáit lena oláthraítear seirbhísí ar mhaithe leis an bpobal.

(2) Leis an méid tagartha airgeadais sin, bhí an tAontas in ann rannchuidiú le tacaíocht a thabhairt d'imscaradh Fhórsa Cosanta Ruanda i Mósaimbíc ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag.

(3) An 11 Meán Fómhair 2023, fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála iarraidh ó Phoblacht Ruanda inar iarradh go leanfadh an tAontas de tacaíocht a thabhairt d'imscaradh Fhórsa Cosanta Ruanda i Mósaimbíc.

(4) Chun aghaidh a thabhairt ar an iarraidh sin, ba cheart an méid tagartha airgeadais a mhéadú EUR 20 000 000, agus ba cheart síneadh sé mhí dhéag a chur le fad an bhirt cúnaimh.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/2354 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh (CBES) 2022/2354

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2354 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 1(4):

'4. Ar feadh tréimhse 36 mí ó dháta thabhairt i gcrích an chonartha idir an Riarthóir um bearta cúnaimh, ag gníomhú dó mar oifigeach údarúcháin, agus an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Chinneadh seo, i gcomhréir le hAirteagal 32(2), pointe (a), de Chinneadh (CBES) 2021/509 a mhairfidh an beart cúnaimh.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 2(1):

'1. EUR 40 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.';

(3) in Airteagal 3, scriostar mír 2, pointe (g), agus mír 4.

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/2354 ón gComhairle an 1 Nollaig 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le himscaradh Fhórsa Cosanta Ruanda i Mósaimbíc (IO L 311, 2.12.2022, lch. 153, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2354/oj).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES